

Clár na dTogthóirí

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do shonraí a nuashonrú.



www.checktheregister.ie

Iarratas ar ainm a chur leis an liosta vótálaithe speisialta

Má tá cónaí ort i dteach altranais, in ospidéal, nó in institiúid dá samhail, agus munar féidir leat dul go dtí do stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas, is féidir leat iarratas a dhéanamh go gcuirfí ar an liosta vótálaithe speisialta tú. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh ag d'ospidéal nó ag do theach altranais ar lá na vótála.

Chun d'iarratas a phríseáil, caithfidimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Inseoimid duit conas agus cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise phearsanta ar leathanach 3. Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm a líonadh isteach.

Comhlánaigh an fhoirm seo, le do thoil, i mBLOCLITREACHA

1

Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Uimhir fóin

Seoladh

ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

Seo ainm an tí altranais nó an ospidéil ina bhfuil tú i do chónaí faoi láthair.

Seoladh baile roimhe seo (más iomchuí)

Éirchód

Má tá tú ar an gclár cheana féin ag seoladh eile, cuir isteach anseo é.

2

Sínigh agus téigh chuig leathanach 2 chun d'fhoirm a dheimhniú

Dearbhaím nach féidir liom bheith i láthair ag mo stáisiún vótála ainmnithe go pearsanta ar lá na vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas agus go bhfuil cónaí orm ag an seoladh thuas.

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fíor, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe

Ní mór do lia-chleachtóir cláraithe an chuid seo a chomhlánú

Nóta don lia-chleachtóir cláraithe

Is féidir le daoine atá ina gcónaí i dtithe altranais, in ospidéal nó in institiúidí comhchosúla agus nach féidir leo dul chuig a stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh de bharr tinnis nó míchumais iarratas a dhéanamh ar a n-ainm a chur ar an liosta vótálaithe speisialta.

Chun seo a dhéanamh, ní mór lia-chleachtóir cláraithe (ar nós GP) a bheith acu chun a n-iarratas a dheimhniú.

Má tá a n-iarratas á dheimhniú agat, ní mór duit:

- › a bheith cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis,
- › deimhniú nach bhfuil an t-iarratasóir in ann dul chun vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas, agus
- › a chur in iúl tréimhse dhóchuil an tinnis nó an mhíchumais ó dháta an deimhnithe.

Sonraí an lia-chleachtóra chláraithe

Ainm

Seoladh an chleachtais

Éirchód

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Uimh. Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Deimhním, , go bhfuil ,

(an t-iarratasóir) ina chónaí sa teach altranais, san ospidéal nó in institiúid dá samhail a luaitear thuas agus nach bhfuil ar a chumas dul chun vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas.

Is dócha go mairfidh an tinneas nó an míchumas seo ar feadh tréimhse de (cuir isteach an tréimhse nó an tréimhse dhóchuil).

Síniú an lia-chleachtóra chláraithe

Dáta

Eolas agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag www.checktheregister.ie.

Is féidir úsáid a bhaint freisin as www.checktheregister.ie chun:

- clárú chun vóta a chaitheamh;
- do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Má tá cónaí ort i dteach altranais, in ospidéal, nó in institiúid dá samhail, agus munar féidir leat dul go dtí do stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas, is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh go gcuirfí ar an liosta vótálaithe speisialta tú.

Má chuirtear d'ainm leis an liosta, beidh tú in ann vóta a chaitheamh san áit a bhfuil cónaí ort. Mar shampla, má tá cónaí ort sa teach altranais, is féidir leat vóta a chaitheamh ansin ar lá na vótála

D'fhoirm a dheimhniú

Chun d'iarratas a chomhlánú, beidh ort d'fhoirm a dheimhniú ó liachleachtóir cláraithe, mar shampla liachleachtóir ginearálta (GP). Ceanglaítear ar an lia-chleachtóir cláraithe a dheimhniú:

- mar gheall ar do bhreiteacht nó do mhíchumas, nach féidir leat freastal ar do stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála; agus
- tréimhse dhóchúil do bhreiteachta nó do mhíchumais.

Beidh fad na rochtana ar shocrú speisialta vótála deimhnithe ag an liachleachtóir ar leathanach 2 den fhoirm seo. Is féidir le d'údarás áitiúil teagmháil a dhéanamh leat ó am go ham chun an fhaisnéis seo a dheimhniú.

Níor chóir do liachleachtóir sonraí do bhreiteachta nó do mhíchumais ar an bhfoirm seo a nochtadh.

Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdarás áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do sonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh,
- go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- nach bhfuil aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

An dáta is déanaí chun iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaoth toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údarás áitiúil iomchuí. Is féidir leat í a chur sa phost le stampa caighdeánach.

Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat breathnú ar sheoladh d'údarás áitiúil ar líne nó iarr ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.